**Polasaí Iontrála Gaelscoil na Dúglaise**

**Seoladh na Scoile: Bóthar Theas na Dúglaise**

**Uimhir rolla: I9882S**

**Pátrún na Scoile: An tEaspag Dr. Fintan Gavin.**

## Réamhrá

Comhlíonann an Polasaí Iontrála seo ceanglais an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann 2000. Agus an polasaí seo á dhréachtú, chuaigh bord bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, le pátrún na scoile agus le tuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar an scoil.

D'fhaomh an pátrún scoile an polasaí ar an 25/09/2020. Tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear ar fáil i gcóip chrua é ar iarratas d'aon duine a iarrann é.

Tá na dátaí agus na hamlínte ábhartha do pholasaí iontrála Gaelscoil na Dúglaise leagtha amach san fhógra maidir le hiontráil bhliantúil na scoile a fhoilsítear go bliantúil ar shuíomh gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad roimh thús an phróisis iontrála don scoilbhliain lena mbaineann.

Ní mór an polasaí seo a léamh i gcomhar leis an bhfógra maidir le hIontráil Bhliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

Foilsítear an fhoirm iarratais i gcomhair iontrála ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear cóip chrua di ar fáil d'aon duine a iarrann sin.

## Spiorad sainiúil agus cuspóirí ginearálta na scoile

Ní mór do gach scoil an chuid seo a chomhlánú.

**Bunscoil náisiúnta lán-Ghaelach chomhoideachais le héiteas Caitliceach faoi phátrúnacht Easpag Caitliceach Corcaigh agus Rois, Dr. Fintan Gavin, is ea Gaelscoil na Dúglaise.**

**Ciallaíonn 'éiteas Caitliceach' éiteas agus spiorad sainiúil an Eaglais Chaitlicigh Rómhánaigh, a chuireann chun cinn**

A) forbairt iomlán na ndaltaí - idir intleachtúil, mhothálach, fhisiciúil, spioradálta, aeistéitiúil agus shóisialta

B) gaol beo le Dia agus le daoine eile

C) fealsúnacht saoil buaithe ar chreideamh i nDia agus saol, bás agus aiséirí Íosa; agus

D) oiliúint na ndaltaí sa chreideamh Caitliceach Cuirimid oideachas reiligiúnda ar fáil do na daltaí de réir dhúnghaoisí, chleachtais agus thraidisiúin na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí agus/ nó de réir mar a leagann Comhdháil Easpag na hÉireann amach.

De réir S.15 (2) (b) den Acht Oideachais 1998, seasfaidh Bord Bainistíochta na scoile le, agus beidh sé freagrach don phátrún as, spiorad sainiúil na scoile de réir na luachanna cultúrtha,
oideachasúla, mórálta, reiligiúnda, sóisialta, teangúla agus spioradálta a threoraíonn chuspóirí agus reachtáil na scoile.

**Spriocráiteas na Scoile**

Is bunscoil lán-Ghaeilge, chomhoideachasúil, Chaitliceach í Gaelscoil na Dúglaise.
'Sí an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile do mhúinteoirí, do dhaltaí, do bhainisteoirí, do thuismitheoirí is don fhoireann bhreise is déanfar gach iarracht pobal Gaeilge a chothú sa scoil. Spreagfar na páistí le bheith brodúil as a gcumas sa Ghaeilge is as a gcultúr. Déanfar a gcumas iomlán teanga a fhorbairt.

'Sé mana na scoile ná 'Doras Feasa Fiafraí' as a spreagfar gach páiste chun fiosrachta i dtreo an eolais trí mheán na Gaeilge. Beidh an páiste in a c(h)roílár den saol scoile agus 'sé leas an pháiste a bheidh in a bhunchloch de gach cinneadh a thógfar. Cothófar timpeallacht shona shocair in a mbainfidh gach páiste barra a c(h)umais amach go teangeolaíoch, go cogneolaíoch, go sóisialta, go fisiciúil, go h-aestéitiúil, go spioradálta is go móralta.

Tabharfar gach deis ó thaobh cothromas inscne de do gach páiste dul i ngleic le réimse leathan imeachtaí.
Spreagfaidh Gaelscoil na Dúglaise rannpháirtíocht na dtuismitheoirí in oideachas a bpáistí is i saol na scoile trí chaidreamh baile/scoile is trí pháirt a ghlacadh i gCumann na dTuismitheoirí.

Cothófar atmasféar deachaidrimh bunaithe ar luachanna Caitliceacha sa scoile in a gcuirfear le féinmhuinín na ndaoine éagsúla sa phobal scoile, in a spreagfar na páistí meas a bheith acu ar dhaoine is ar mhaoin agus in a ndéanfar coincheap na féinfhreagrachta a fhorbairt iontu

## Ráiteas maidir le hIontráil

Ní dhéanfaidh Gaelscoil na Dúglaise idirdhealú maidir le dalta a ligean isteach i scoil ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:

(a) inscne an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(b) stádas sibhialta an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(c) stádas teaghlaigh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(d) gnéaschlaonadh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(e) reiligiún an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(f) bunús mhíchumas an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(g) cine an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(h) dalta nó iarratasóir ó phobal an lucht siúil i leith an dalta lena mbaineann, nó
(i) riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an dalta nó ag an iarratasóir i leith an dalta lena mbaineann.

De réir Alt 61 (3) den Acht Oideachas 1998, forléireofar ‘foras stádais shibhialta', 'foras míchumais', 'leithcheal', 'foras stádas teaghlaigh', 'foras inscne', 'foras cine', 'foras reiligiúin', 'foras gnéaschlaonta' agus 'foras pobail Taistil' de réir alt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000.

**Is scoil í Gaelscoil a bhfuil rang bunaithe aici le ceadú an Aire Oideachais a sholáthraíonn oideachas do dhaltaí a bhfuil catagóir nó catagóirí de riachtanais speisialta oideachais acu atá sonraithe ag an Aire agus a fhéadfaidh diúltú ligean isteach sna ranganna seo do dhalta. nach bhfuil catagóir na riachtanas sonraithe acu. Cuireann seomra ranga uathachais Gaelscoil na Dúglaise suíomh oideachais ar fáil do pháistí ar diagnóisíodh go bhfuil Neamhord ar Speictream an Uathachais orthu. Oibrímid chun timpeallacht thacúil agus chomhbhách a chruthú do gach dalta, ag freastal ar uathúlacht phearsantacht gach dalta. Déanaimid ár ndícheall leanaí ón seomra ranga Uacthachais a lánpháirtiú san oideachas príomhshrutha, ag cur san áireamh do leibhéil chumais, acmhainní atá ar fáil agus oiriúnacht don chomhtháthú áirithe sin.**

### 4. Catagóirí na Riachtanais Speisialta Oideachais a ndéantar freastal orthu sa scoil/ranganna speisialta

Tá rang bunaithe ag Gaelscoil na Dúglaise le ceadú an Aire Oideachais chun oideachas a chur ar fáil go heisiach do dhaltaí a bhfuil diagnóis ASD acu.

**Comhoibreoidh Gaelscoil na Dúglaise leis an CNOS i gcomhlíonadh feidhmeanna na Comhairle faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 maidir le soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear soláthar agus feidhmiú rang nó ranganna speisialta nuair a iarrann an Chomhairle a leithéid.**

**Comhlíonfaidh Gaelscoil na Dúglaise le haon ordúchán a sheirbheálfar ar an mbord nó ar an bpátrún faoi alt 37A agus 67(4)(b).**

### 5. Daltaí a Ligean Isteach

Ligfidh an scoil seo isteach gach dalta atá ag lorg iontrála ach amháin sna cásanna a leanas –

a) i gcás ina bhfuil ró-éileamh ar an scoil (féach alt 6 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)

b) i gcás go dteipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin

Ní mór eolas breise a chur san áireamh (de réir mar is infheidhme) sa chuid seo.

**Gach scoil shainchreidmheach**
Is scoil í Chaitilieach agus féadfaidh sí diúltú glacadh le duine nach dalta den chreideamh Caitiliceach é/í sa chás go gcruthaítear go bhfuil an diúltú riachtanach chun éiteas na scoile a choinneáil.
Cuireann an rang speisialta a bhaineann le Gaelscoil na Dúglaise oideachas ar fail go heisiach do dhaltaí a bhfuil diagnóis NSU orthu agus féadfaidh an scoil iontráil chuig an rang seo a dhiúltú , sa chás nach bhfuil an chatagóir sainithe sainriachtanas oideachais ag an dalta dá bhforáiltear sa rang seo nó nach bhfuil siad ag teacht faoin gcatagóir meánmhíchumais foghlama ginearálta éadrom.

## 6. Ró-iarratas (ní mór do gach scoil an chuid seo a chomhlánú, scoileanna nach measann go mbeidh ró-eileamh orthu san áireamh)

Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar an scoil, déanfaidh an scoil na critéir roghnaithe a leanas a chur i bhfeidhm san ord ina bhfuil siad thíos maidir leis na hiarratais a fhaightear laistigh den amlíne chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici.

**Critéir roghnúcháin**

Iarrathóirí atá ina siblíní do pháistí atá cláraithe sa scoil faoi láthair (siblíní iarscolairí a d'fhreastal ar an scoil, leas-siblíní san áireamh atá ag maireachtaint ag an seoladh céanna, tosaíocht ag an té is sine)

Páistí go bhfuil leibhéal líofachta acu atá ar leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógaint san áireamh aois agus aon riachtanais speisialta oideachais atá ag an bpáiste agus go mbeadh an dóchúlacht go n-imeodh an líofacht luaite ar gcúl muna scaoilfí an páiste isteach i scoil Ghaeilge.

Páistí d'iarscoláirí, tosaíocht ag an té is sine, uascheatadáin le cur i bhfeidhm.

Aon iarrathóir eile, tosaíocht ag an té is sine

Sa chás go bhfuil beirt daltaí nó níos mó ceangailte le haghaidh áite nó áiteanna in aon cheann de na catagóirí critéir roghnúcháin thuas (agus líon na n-iarratasóirí níos mó ná líon na n-áiteanna atá fágtha), beidh feidhm ag na socruithe a leanas:

Cuirfear  na hIarrathóií in órd de réir crannchur.

Cuirfear iarrathóirí nach n-eiríonn leo áit a bhaint amach ar liosta feithimh de réir an oird leaghta síos ag an gcritéir thuas luaite.

Nóta: Sa chás gur mian le tuismitheoirí go n-áireofaí a bpáiste mar pháiste a bhfuil leibhéal líofachta sroichte aige/ aici sa Ghaeilge tabharfar cuireadh don tuismitheoir fianaise a chur ar fáil chun an líofacht sin a léiriú do ionadaithe an Bhord Bainistíochta. Is gá an fhianaise sin a chur ar fáil leis an iarratas

Muna nglactar leis an bhfianaise cuirfear an páiste i gcatagóir eile, de réir mar is cuí. Is féidir achomharc i ríomhphost a dhéanamh chuig an mBord Bainistíochta laistigh de thrí lá oibre ón gcinneadh a fháil. Is ag an mBord Bainistíochta a bheidh an cinneadh deireannach. Iarrfar ar bheirt ionadaí eile ón mBord an fhianaise a bhreithniú. Ní cheadófar fianaise nua.

**Rang Uathachais**
**Critéir roghnúcháin**

1.Iarrathóirí atá ina siblíní do pháistí atá cláraithe sa scoil faoi láthair (siblíní iarscolairí a d'fhreastal ar an scoil, leas-siblíní san áireamh atá ag maireachtaint ag an seoladh céanna, tosaíocht ag an té is sine)

Páistí go bhfuil leibhéal líofachta acu atá ar leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógaint san áireamh aois agus aon riachtanais speisialta oideachais atá ag an bpáiste agus go mbeadh an dóchúlacht go n-imeodh an líofacht luaite ar gcúl muna scaoilfí an páiste isteach i scoil Ghaeilge.

Páistí d'iarscoláirí, tosaíocht ag an té is sine, uascheatadáin le cur i bhfeidhm.

Aon iarrathóir eile, tosaíocht ag an té is sine

Sa chás go bhfuil beirt daltaí nó níos mó ceangailte le haghaidh áite nó áiteanna in aon cheann de na catagóirí critéir roghnúcháin thuas (agus líon na n-iarratasóirí níos mó ná líon na n-áiteanna atá fágtha), beidh feidhm ag na socruithe a leanas:

Cuirfear  na hIarrathóií in órd de réir crannchur.

Cuirfear iarrathóirí nach n-eiríonn leo áit a bhaint amach ar liosta feithimh de réir an oird leaghta síos ag an gcritéir thuas luaite.

### An méid nach mbreithneofar ná nach gcuirfear san áireamh

De réir alt 62(7)(e) den Acht Oideachais 1998, ní dhéanfaidh an scoil aon cheann díobh seo a leanas a bhreithniú ná a chur san áireamh agus iarratais ar chead isteach á gcinneadh nó nuair a bhíonn dalta á c(h)ur ar liosta feithimh le haghaidh iontrála sa scoil.

(a) freastal roimh ré ag dalta ar réamhscoil nó ar sheirbhís réamhscoile, lena n-áirítear naíonraí,

(b) íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí (cibé slí a dtuairiscítear é) leis an scoil;

(c) cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil an dalta;
(seachas i ndáil le: ligean isteach i scoil Ghaeilge, de réir fhorálacha alt 62(9) den Acht)

(d) gairm, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht tuismitheoirí dalta;

(e) ceanglas go bhfreastalóidh dalta, nó a t(h)uismitheoirí ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála;

(f) ceangal dalta leis an scoil de bhua duine dá t(h)eaghlach nó dá teaghlach ag freastal ar an scoil nó a bhí ag freastal ar an scoil roimhe sin;
(seachas, i gcás na scoile ar mian léi critéir roghnúcháin a chur san áireamh bunaithe ar (1) deartháireacha nó deirfiúracha dalta a fhreastalaíonn ar an scoil nó a d'fhreastail ar an scoil agus/nó (2) tuismitheoirí nó seantuismitheoirí dalta a d'fhreastail ar an scoil.

Maidir le (2) tuismitheoirí agus seantuismitheoirí, ní fhéadfaidh scoil na critéir sin a chur i bhfeidhm ach ar uasmhéid de 25% de na spásanna atá ar fáil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile).

*(g)* an dáta agus an t-am ar ghlac an scoil le hiarratas iontrála,

Tá sé sin faoi réir an iarratais a bheith faighte ag am ar bith le linn na tréimhse a shonraítear chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.
Tá sé sin faoi réir freisin ag an scoil tairiscintí a dhéanamh bunaithe ar liostaí feithimh reatha (suas go dtí an 31ú Eanáir 2025 amháin).

### Cinntí ar iarratais

Béidh na cinntí go léir maidir le hiarratais ar iontráil chuig Gaelscoil na Dúglaise bunaithe ar na nithe a leanas:

- Polasaí iontrála na scoile
- Fógra iontrála bliantúil na scoile (nuair is cuí);
- An fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil i bhfoirm iarratais oifigiúil na scoile a fuarthas le linn na tréimhse atá sonraithe inár bhfógra iontrála bliantúil chun iarratais a fháil;

  (Féach alt 14 thíos maidir le hiarratais a fuarthas lasmuigh den tréimhse iontrála agus alt 15 thíos maidir le hiarratais ar áiteanna i mblianta seachas an grúpa ligthe isteach.)

Ní úsáidfear critéir roghnúcháin nach n-áirítear inár bpolasaí iontrála scoile chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar áit inár scoil.

### Cinntí a chur in iúl d'iarratasóirí

Cuirfear iarratasóirí ar an eolas i scríbhinn maidir le cinneadh na scoile, laistigh den amlíne atá leagtha amach san fhógra bliantúil iontrála.

Mura dtairgtear áit do dhalta inár scoil, cuirfear na cúiseanna nár tairgeadh áit dó nó di ar fáil i scríbhinn don iarratasóir, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, sonraí maidir le rangú an dalta i gcoinne na gcritéar roghnúcháin agus na sonraí faoi áit an dalta ar an liosta feithimh don scoilbhliain lena mbaineann.

Cuirfear iarratasóirí ar an eolas faoin gceart chun athbhreithniú/ceart achomhairc a lorg maidir le cinneadh na scoile (féach alt 18 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí).

### Glacadh le tairiscint áite ag iarratasóir

Agus tairiscint iontrála á glacadh agat i nGaelscoil na Dúglaise ní mór duit an méid a leanas a léiriú—

(i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil glactha agat le tairiscint iontrála ar scoil nó ar scoileanna eile. Má ghlac tú le tairiscint den sórt sin, ní mór duit sonraí na tairisceana nó na dtairiscintí lena mbaineann a chur ar fáil freisin.

(ii) cé acu an bhfuil iarratas déanta agat ar thairiscint iontrála ó scoil nó ó scoileanna eile nó cé acu an bhfuil tú ag feitheamh lena dheimhniú, agus má tá, ní mór duit sonraí na scoile nó na scoileanna eile lena mbaineann a sholáthar.

### Cúinsí nach féidir tairiscintí a dhéanamh ina leith nó a tharraingt siar

Ní féidir le gaelscoil na Dúglaise tairiscint iontrála a dhéanamh ná a tharraingt siar sna cásanna a leanas —

- (i) déantar amach go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas bréagach nó míthreorach.
- (ii) teipeann ar iarratasóir glacadh le tairiscint iontrála ar nó roimh an dáta atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile.
- (iii) má theipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin; nó
- (iv) teipeann ar iarratasóir riachtanais a chomhlíonadh chun 'glacadh le tairiscint' mar atá leagtha amach in alt 10 thuas.

### Sonraí a roinnt le scoileanna eile

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith feasach go gceadaítear le hAlt 66(6) den Acht Oideachas (Iontráil Scoileanna), 2018 comhroinnt sonraí idir scoileanna d'fhonn iontráil éifeachtach daltaí a éascú.

Ligeann alt 66 (6) do scoil liosta a sholáthar do phátrún nó do bhord bainistíochta eile de na mic léinn a bhfuil—

(i) go bhfuarthas iarratas ar ligean isteach sa scoil,

(ii) go ndearnadh tairiscint iontrála don scoil, nó

(iii) gur glacadh le tairiscint iontrála chun na scoile.

Féadfaidh aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a bheith ar an liosta:

(i) an dáta a fuair an scoil iarratas ar chead isteach;

(ii) an dáta a rinne an scoil tairiscint iontrála;

(iii) an dáta ar ghlac iarratasóir le tairiscint iontrála;

(iv) sonraí pearsanta mac léinn lena n-áirítear a ainm, a sheoladh, a dháta breithe agus a uimhir seirbhíse poiblí pearsanta (de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúthaithe Leasa Shóisialaigh 2005).

### Liosta feithimh i gcás ró-iarratais

I gcás go mbeidh níos mó iarratas ar an scoilbhliain lena mbaineann ná na háiteanna atá ar fáil, tiomsófar liosta feithimh de dhaltaí nár éirigh lena n-iarratas ar iontráil chuig Gaelscoil na Dúglaise mar gheall ar ró-éileamh ar an scoil agus beidh siad bailí don scoilbhliain ina bhfuil cead isteach á lorg.

Tá socrúchán ar liosta feithimh Gaelscoil na Dúglaise san ord tosaíochta a shanntar d'iarratais na ndaltaí tar éis don scoil na critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm de réir an pholasaí iontrála seo.

Déanfar tairiscintí maidir le haon áiteanna ina dhiaidh sin a bheidh ar fáil don scoilbhliain agus lena linn a bhfuil cead isteach á lorg ina leith maidir leis na daltaí sin ar an liosta feithimh, de réir an oird tosaíochta ar cuireadh na daltaí ar an liosta.

### Iarratais Dhéanacha

Breithneofar agus déanfar cinneadh ar gach iarratas ar chead isteach a fhaightear tar éis an dáta deiridh mar atá leagtha amach san fhógra iontrála bliantúil de réir pholasaí iontrála ár scoile, de réir an Achta um Iontrálacha Scoile 2018 agus de réir aon rialacháin a rinneadh faoin Acht sin.

### Nósanna imeachta maidir le daltaí a ligean isteach i mblianta eile agus le linn na scoilbhliana

**Daltaí atá ag aistriú ó scoileanna eile go Gaelscoil na Dúglaise**

Seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le daltaí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin chuig ranganna nó blianta seachas grúpa iontrála na scoile:

a) Má tá spás ar fáil sa rang atá i gceist
b) Riachtanais an pholasaí Iontrála a chomhlíonadh

Leanfar na treoracha maidir le haistriú idir scoileanna mar atá leagtha síos san Acht Oideachais Leas 2000.

Is iad a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le daltaí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin, tar éis thús na scoilbhliana ina lorgaítear an cead isteach:

A) nach bhfuil uasmhéid áiteanna sa scoil sáraithe.
B) Má tá spás ar fáil sa rang ata i.gceist
C) Riachtanais an pholasaí Iontrála a chomhlíonadh

Leanfar na treoracha maidir le haistriú idir scoileanna mar atá leagtha síos san Acht Oideachais Leas 2000.

## Dearbhú maidir le gan táillí a ghearradh

Baineann an riail seo le gach scoil.

Ní ghearrfaidh bord Gaelscoil na Dúglaise ná aon duine a ghníomhaíonn thar a cheann táillí ar íocaíocht nó ní lorgeoidh sé nó sí íocaíocht ná ranníocaíocht (cibé slí a dtuairiscítear) mar choinníoll de -

(a) iarratas ar dhalta a ligean isteach sa scoil, nó
(b) iontráil nó clárú leanúnach dalta sa scoil.

## Socruithe maidir le daltaí nach bhfreastalaíonn ar theagasc reiligiúnach

Seo a leanas socruithe na scoile do dhaltaí, sa chás gur iarr na tuismitheoirí, a d'iarr go bhfreastalódh an dalta ar an scoil gan freastal ar theagasc reiligiúnach sa scoil. Ní bheidh laghdú ar lá scoile na ndaltaí sin mar thoradh ar na socruithe seo.

Ba cheart iarratas scríofa a dhéanamh chuig Priomhoide na scoile. Eagrófar cruinniú leis na tuismitheoirí chun plé a dhéanamh ar conas is féidir deileáil leis an iarratas sa scoil. Déanfar athbhreithniú ar gach iarratais cás ar chás.

## An ceart chun athbhreithnithe/achomhairc

### Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta

Féadfaidh tuismitheoir mac léinn iarraidh ar an mbord athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh áit sa scoil a dhiúltú. Ní mór iarratais den gcineál sin a dhéanamh de réir Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear athbhreithniú den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hathbhreithnithe den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Déanfaidh an Bord athbhreithnithe den gcineál sin de réir na nósanna imeachta a rialaítear faoi Alt 29B i gcomhair le Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

**Tabhair faoi deara:** Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, ní mór don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

### Ceart achomhairc

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, féadfaidh tuismitheoir mac léinn achomharc a dhéanamh ar chinneadh na scoile seo áit sa scoil a dhiúltú.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(ii) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **ní mór** don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chás seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Déanfar achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 a mheas agus a chinneadh ag coiste neamhspleách achomhairc arna cheapadh ag an AIre Oideachais agus Scileanna.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear achomharc den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hachomhairc den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.